

An Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

12859/1/26
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0164 (COD)

COPEN 320
EUROJUST 49
JAI 1098
CODEC 1615

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Coiriúil (Eurojust) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1727 - Díospóireacht bheartais

I. Réamhrá

An 24 Meitheamh 2026, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Coiriúil (Eurojust) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1727 ('an togra').¹

¹ 11145/26 + ADD 1 go ADD 7.

Thíolaic an Coimisiún an togra, mar aon leis an measúnú tionchair a ghabhann leis, ag an gcrúinniú a bhí ag Meitheal ábhartha na Comhairle (COPEN) an 23 Iúil 2026.² Mhínigh an Coimisiún gurb é príomhaidhm an togra aghaidh a thabhairt ar na heasnamh a sainaithníodh i meastóireacht 2025 ar Rialachán (reatha) Eurojust, (AE) 2018/1727.³ Cé gur aithníodh sa mheastóireacht go bhfuil ag éirí go maith leis an nGníomhaireacht agus go dtugann sí breisluach suntasach do na Ballstáit, leagadh béim inti freisin ar shrianta struchtúracha agus oibríochtúla a chuireann bac ar a cumas a hacmhainneacht a bhaint amach go hiomlán.

Ag an gcrúinniú céanna an 23 Iúil, chuir Uachtarán Eurojust barúlacha maidir leis an togra i láthair⁴, agus bhí an chéad seisiún tuairimíochta ag na Ballstáit ar bhonn páipéar ón Uachtaránacht.⁵ Tar éis an chruinnithe sin, chuir go leor Ballstát barúlacha i scríbhinn isteach freisin.⁶

Ag an gcrúinniú a bhí ag an Meitheal an 16 Meán Fómhair 2026, lean na Ballstáit den phlé ar bhonn dhá pháipéar ón Uachtaránacht⁷ agus páipéar leathoifigiúil ón gCoimisiún.⁸ Ag an gcrúinniú sin den Mheitheal, cuireadh tús freisin leis an scrúdú airteagal ar airteagal ar an téacs.⁹

II. Saincheistanna a pléadh ag cruinnithe na Meithle

Le linn an phlé a rinneadh ar an togra ag cruinnithe tosaigh na Meithle, breithníodh roinnt saincheistanna:

-
- ² Leagtar amach in WK 10914/26 na sleamhnáin a úsáideann an Coimisiún chun an measúnú tionchair a chur i láthair ag cruinniú Mheitheal COPEN.
- ³ 11285/25 + ADD 1.
- ⁴ Leagtar amach in WK 10916/26 na sleamhnáin a úsáideann Uachtarán Eurojust chun barúlacha Eurojust maidir leis an togra ón gCoimisiún a chur i láthair.
- ⁵ WK 9842/26.
- ⁶ WK 13064/3/26 REV 3.
- ⁷ WK 13147/26 agus WK 13149/26.
- ⁸ WK 13269/26.
- ⁹ Pléadh Airteagail 1 go 5, mír 2.

(a) Struchtúr rialachais

Tá saincheist an struchtúir rialachais ina hábhar don phlé is déine sa Mheitheal, d'ainneoin nach bhfuil tús curtha go fóill leis an scrúdú airteagal ar airteagal ar an gcaibidil ábhartha maidir le rialachas.¹⁰

- Eagraíocht reatha

Faoin Rialachán reatha, tá struchtúr amháin ag Eurojust le Coláiste, Bord Feidhmiúcháin agus Stiúrthóir Riaracháin.

Tá an Coláiste comhdhéanta de Chomhaltaí Náisiúnta, duine as gach ceann de Bhallstáit an Aontais¹¹; Is breithiúna, ionchúisitheoirí nó gairmithe breithiúnacha eile a bhfuil inniúlacht choibhéiseach acu iad na Comhaltaí Náisiúnta. Tá an Coláiste freagrach as Eurojust a eagrú agus a oibriú; bíonn cruinnithe rialta aige chun gníomhaíochtaí Eurojust a phlé agus vótáil orthu, chomh maith le saincheistanna ábhartha eile. Agus a chúraimí bainistíochta á bhfeidhmiú aige, bíonn ionadaí ón gCoimisiún Eorpach sa Choláiste freisin.

Cuidíonn an Bord Feidhmiúcháin leis an gColáiste lena chúraimí bainistíochta. Déanann sé maoirseacht ar obair ullmhúcháin riachtanach an Stiúrthóra Riaracháin maidir le cúrsaí riaracháin lena nglacadh ag an gColáiste, agus déanann sé cinntí riaracháin a leagtar amach in Airteagal 16 de Rialachán Eurojust. Tá Uachtarán Eurojust ina chathaoirleach ar an mBord Feidhmiúcháin, atá comhdhéanta de Leas-Uachtaráin Eurojust chomh maith le hionadaí ón gCoimisiún Eorpach. Ceaptar beirt Chomhaltaí eile den Choláiste ar an mBord faoi chóras uainíochta dhá bhliain.

Is é an Stiúrthóir Riaracháin a bhainistíonn riarachán Eurojust, a thacaíonn le Coláiste Eurojust dá réir sin. Is gníomhaire sealadach é an Stiúrthóir Riaracháin arna cheapadh ag an gColáiste chun cúraimí riaracháin laethúla arna sannadh do Eurojust a chur chun feidhme. Ceaptar é nó í ar feadh téarma 4 bliana, le teorainn téarma 2 théarma. Is é an Stiúrthóir Riaracháin a fheidhmíonn mar ionadaí dlíthiúil Eurojust.

¹⁰ Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach WK 13147/26.

¹¹ Cé is moite den Danmhairg, de bhua Phrótacal Uimh. 22 a ghabhann leis na Conarthaí.

- Eagraíocht faoin togra

I gCaibidil II den togra beartaítear creat déach atá comhdhéanta de struchtúr bainistíochta ina bhfuil an mBord Bainistíochta, an Bord Feidhmiúcháin agus an Stiúrtóir Riaracháin, agus struchtúr oibríochtúil ina bhfuil na Comhaltaí Náisiúnta agus an Coláiste leis an struchtúr oibríochtúil. De réir an Choimisiúin, chuirfeadh creat den sórt sin ar chumas an Cholaíste díriú ar chúraimí oibríochtúla trí níos lú rannpháirtíochta a bheith aige i riarachán na Gníomhaireachta ó lá go lá – rud a d’fhéadfaí a mhaíomh go mbeadh gnóthachain éifeachtúlachta mar thoradh air. Moltar go bhfuil gá le gnóthachain den sórt sin i bhfianaise na ndúshlán atá ag teacht chun cinn don Aontas i réimse an cheartais choiriúil agus na bhforbairtí institiúideacha a bhfuiltear ag súil leo i réimse CGB, go háirithe a chaidreamh le Europol a neartú.

Cé gur dhíol sásaimh i gcoitinne do na Ballstáit an togra, chuir siad in iúl freisin gur cúis inní dóibh na rialacha nua atá beartaithe maidir le rialachas, go háirithe Bord Bainistíochta a thabhairt isteach. Cé go n-aithníonn na Ballstáit an cuspóir maidir le struchtúr rialachais Eurojust a shimpliú agus an t-ualach riaracháin a chuirtear ar Chomhaltaí Náisiúnta a laghdú, chuir siad amhras in iúl maidir le cé acu a rannchuideodh nó nach rannchuideodh cruthú comhlachta rialaithe breise leis an gcuspóir sin sa chleachtas.

Tá inní ar fhormhór na mBallstát go bhfuil an baol ann go méadófar castacht chreat rialachais Eurojust agus go gcruthófar sraith bhreise cinnteoireachta agus riaracháin trí Bhord Bainistíochta a chruthú. Áitíodh freisin go mbeadh baol ann go gcuirfí neamhspleáchas breithiúnach Eurojust i mbail dá gcruthófaí Bord Bainistíochta.

Luaigh Ballstáit éagsúla gur cheart simpliú a bhaint amach trí fhreagrachtaí a leithdháileadh ar bhealach níos soiléire i measc chomhlachtaí Eurojust atá ann cheana, go háirithe trí chead a thabhairt don Bhord Feidhmiúcháin tuilleadh cinntí a dhéanamh.

- Páipéar leathoifigiúil ón gCoimisiún

I bhfianaise na mbarúlacha a thug na Ballstáit, thíolaic an Coimisiún páipéar leathoifigiúil¹², ina leagtar amach an réasúnaíocht don struchtúr rialachais atá beartaithe. Is é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a chuir na Ballstáit in iúl maidir leis an riosca a bhaineann le haon chastacht bhreise, mínítear ann an caidreamh idir na comhlachtaí atá sna struchtúir bhainistíochta agus oibríochtúla, agus leagtar amach ann measúnú an Choimisiúin nach ndéanfaidh an t-athchóiriú ach na feidhmeanna atá ann cheana a ath-leithdháileadh seachas comhlacht rialachais nua a chur leis.

Tugtar aghaidh sa pháipéar leathoifigiúil freisin ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar neamhspleáchas breithiúnach Eurojust, agus déantar cur síos ann ar na socruithe faoina leanfaí den chinnteoireacht oibríochtúil maidir le cásanna a láimhseáil, a chomhordú agus tacaíocht a thabhairt dóibh a fhorchoimeád don Cholaiste agus do na Comhaltaí Náisiúnta. D'áireofaí leis sin ról Uachtarán Eurojust mar an nasc institiúideach idir an dá struchtúr.

Tugtar aghaidh ann freisin ar na himpleachtaí éifeachtúlachta a bhaineann le Bord Bainistíochta a bhunú, agus cuirtear i láthair an raon cásanna a scrúdaíodh sa mheasúnú tionchair foluiteach agus a n-éifeachtaí faoi seach ar an ualach oibre riaracháin atá ar Chomhaltaí Náisiúnta faoi láthair.

(b) saincheisteanna eile a scrúdaíodh sa Mheitheal

Bhreithnigh na Ballstáit roinnt saincheisteanna eile freisin maidir leis an Rialachán nua atá beartaithe, agus ionchur á thabhairt i scríbhinn den chuid is mó. Baineann na saincheisteanna sin, *inter alia*, leis na hábhair seo a leanas:

- Tionscnaimh de chuid Eurojust féin

Baineann an tsaincheist sin le Roinn II de Chaibidil III den togra. Baineann sí le cumas Eurojust gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanamh ar a thionscnamh féin, in éagmais aon iarraidh ó na húdaráis náisiúnta nó ó OIPE.

Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit i gcoitinne an togra sin. Chuir na Ballstáit roinnt ábhar imní in iúl a mhéid a bhaineann leis an ngá atá leis an Rialachán an chothromaíocht cheart a choinneáil idir sainchumais na n-údarás breithiúnach agus ionchúisimh náisiúnta ar thaobh amháin, agus aon leathnú ar neamhspleáchas Eurojust ar an taobh eile.

¹² WK 13269/26.

- Caidreamh leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach agus le gréasáin eile

Baineann an tsaincheist sin le forálacha áirithe atá beartaithe i Roinn II de Chaibidil V den togra.

Chuir roinnt Ballstát in iúl go n-iarrfaidís soiléiriú maidir le ról agus sainordú na líonraí atá ag obair i gcomhthráth leis an nGníomhaireacht. Go háirithe, d'fhiafraigh na Ballstáit an bhfuil soiléireacht leordhóthanach sa togra maidir le roinnt na bhfreagrachtaí idir Eurojust agus an Gréasán Breithiúnach Eorpach (EJN). Cuireadh ceisteanna sonracha freisin maidir le hacmhainní a chur ar fáil, agus iarradh soiléiriú maidir le sainordú agus uathriail EJN.

- Comhar le tríú tíortha

Baineann an tsaincheist seo le Roinn III de Chaibidil V den togra, lena rialaítear comhar idirnáisiúnta idir Eurojust agus údarais tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Leis na forálacha atá beartaithe, is féidir straitéis chomhair 4 bliana a ghlacadh ina leagtar amach sásraí comhair éagsúla. Áirítear orthu sin oifigigh idirchaidrimh Eurojust a bheith á bpostú chuig tríú tíortha, ionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tír a bheith á bpostú chuig Eurojust, pointí teagmhála tríú tír ag Eurojust agus pointí teagmhála Eurojust i dtríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Tá pointí curtha in iúl ag na Ballstáit i ndáil leis na forálacha atá beartaithe maidir le comhar Eurojust le tríú tíortha. Chinn an Uachtaránacht go sealadach gur gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an tsaincheist sin, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na sásraí oibríochtúla atá beartaithe¹³, lena n-áirítear a sineirgí, a raon feidhme agus an breisluach atá beartaithe.

Tá ról lárnach ag Eurojust i mbonneagar ceartais choiriúil an Aontais. Ní mór gach gné den togra a bhreithniú go cúramach, lena n-áirítear na gnéithe a luaitear thuas. Cuireadh tús leis an obair le déanaí agus beidh tuilleadh cruinnithe ann chun an togra a scrúdú a thuilleadh le linn Uachtaránacht na hÉireann.

¹³ Airteagail 61 go 64.

III. Ceist ar na hAirí

Iarrtar ar na hAirí a chur in iúl cé na gnéithe den togra is tábhachtaí dá mBallstát agus ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh dá réir sin ós rud é go scrúdaítear an togra ina iomláine ar bhealach níos mionsonraithe i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle.
